



Rón Bosca Uibheacha



Tá an ghníomhaíocht seo a leanas dírithe den chuid is mó ar naíonáin shóisearacha agus shinsearacha atá faoi mhaoirseacht duine fásta, ach d'fhéadfadh páistí ní ba shine taitneamh a bhaint aisti freisin.

Ní chreidfeá na rudaí is féidir leat a dhéanamh le rud éigin chomh simplí le bosca uibheacha, siosúr agus roinnt péinte! Lig scód le do chruthaitheacht agus beidh tú in ann an rón glas gleoite seo a chruthú.

Am le hé a shocrú: 5 nóiméad

Céard a bheidh ag teastáil uait?

1. Bosca uibheacha



2. Marcóir dubh
3. Síosúr ceannchruinn (le húsáid agus tú faoi mhaoirseacht duine fásta)
4. Péint liath

Céard atá le déanamh?

1. Ar dtús, tóg an bosca uibheacha agus gearr amach ceann de na cóin sa lár ina iomláine, an bealach ar fad síos.



2. Tarraing líne leath bealigh suas taobh amháin, ansin úsáid imill an chóin le cabhrú leat na lapaí a tharraingt.



3. Ansin, tarraing líne ó na lapaí síos go réidh ar thaobhanna an chóin.



Tabhair faoi deara: ná bíodh an uillinn róghéar - agus tabhair an dá líne le chéile ar chúl an chóin chun an corp agus an t-eireaball a dhéanamh

4. Gearr amach do rón. Ach bí cúramach mar gur féidir boscaí uibheacha a stróiceadh go héasca. Déan gearrthacha beaga ag barr na lapaí tosaigh. Bíodh na gearrthacha sin beag go



leor le nach gcaillfidh tú lapa. Ansin lúb go cúramach na lapaí agus an t-eireaball.



5. Cuir cuma chruinn ar na coirnéil ghéara atá fágtha ar na lapaí tar éis na gearrthacha a dhéanamh. Beidh cuma níos fearr ar do rón dá bharr seo.



6. Ar deireadh, péinteáil agus tarraing aghaidh. B'fhearr tarraingt ar rón gan phéinteáil le go mbeidh sé deas soiléir. Sin a bhfuil!

